

Féileacán

(Mac Dhonnagáin)

Bhí mé sona sásta suaimhneach tráth den tsaol
In éindí le mo rí, mo ghrá, mo Mhír.
Mhaireamar gan aois, gan bhás, gan bhrón,
I nGleann na Meala Buí, i dTír na nÓg.

*I was happy, I was peaceful long ago
Living with my king in Tír na nÓg.
Without aging, without dying, without tears
In the vale of yellow honey with my Mír.*

Curfá:

Le blianta, táim ar snámh
Ar mhuir mhór na spéire, i m'fhéileacán.

Chorus:

*For years now, this big, big sky
Has been the cage of Éadaoin, the butterfly.*

Tá an ghráin agam ar an ngealach is ar an ngrían
Lastuas, ag comhaireamh laethanta de shíor.
Na duilleoga, ná bláthanna, ar chuile ghas ag fás,
Is gan i ndán dóibh ach seargadh agus bás.
*The sun and moon above I hate the most
Counting days and nights til I'm a ghost
The flowers and leaves the mighty trees shooting from the earth
In the end all they'll get is death*

Curfá:

Is piotail iad na heití seo ar an ngaoth
Seoltar mé gan choinne, soir is siar.
Ach dá mbeinn i mo luí, le mo mhíle grá
Bheadh sonas orm is suaimhneas, gan tús, gan chríoch.

Curfá:

Guth, giotár/ Vocal, Guitar: Tadhg

Sacsafón/Sax: Keith Donald

Giotár leictreach/Electric Guitar: Robbie Overson

Based on the myth of Éadaoin (or Étáin) who was turned into a butterfly by Leibhearcham, the jealous lover of Mír, king of Tír na nÓg. She fluttered across Ireland for seven years. This is the song she might have sung, lamenting the loss of her human form and her true love.

Bhunaigh mé an t-amhrán seo ar an leagan do pháistí “Mír agus Éadaoin” a scríobh Liam Mac Uistin agus a d’fhoilsigh an Gúm i dtús na n-ochtóidí. Tá fáil ar an leabhar i gcónaí agus léaráidí áille *batik* Kathy Moore, a chuir go mór leis an téacs. Bhí Kathy tráth ina ball den ghrúpa Pumpkinhead, grúpa a bhí lonnaithe ar feadh roinnt blianta i gContae Shligigh, ach go mba as Meiriceá baill an ghrúpa.